# RIALACHÁN (AE) Uimh. 1152/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 21 Samhain 2012

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle maidir le caomhnú agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá rochtain chomhionann ag soithí iascaireachta an Aontais ar uiscí agus ar acmhainní an Aontais, faoi réir rialacha an Chomhbheartais Iascaireachta.

(2) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle ([3]) do mhaolú ar riail na rochtana comhionainne, ar maolú é lena n-údaraítear do Bhallstáit iascaireacht a shrianadh do shoithí áirithe in uiscí suas le 12 mhuirmhíle óna mbunlínte.

(3) An 13 Iúil 2011, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, thíolaic an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na socruithe a bhaineann le rochtain ar acmhainní iascaigh laistigh den chrios 12 mhuirmhíle. Bhí sé mar chonclúid ag an tuarascáil sin go bhfuil an córas rochtana an-chobhsaí agus go bhfuil sé ag feidhmiú go sásúil ar bhonn leanúnach ó 2002 ar aghaidh.

(4) Tá na rialacha atá i bhfeidhm lena gcuirtear srian ar rochtain ar acmhainní iascaigh laistigh den chrios 12 mhuirmhíle tar éis éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar an gcaomhnú trí iarracht iascaireachta a shrianadh sa chuid is íogaire d'uiscí an Aontais. Trí bhíthin na rialacha sin, rinneadh gníomhaíochtaí traidisiúnta iascaireachta a chaomhnú freisin, gníomhaíochtaí atá tábhachtach ó thaobh forbairt shóisialta agus eacnamaíochta de i bpobail áirithe cois cósta.

(5) Tháinig an maolú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003 agus tá sé le dul in éag an 31 Nollaig 2012. Ba cheart fadú a chur lena bhailíocht go dtí go nglacfar rialachán nua, ar rialachán é a bheidh bunaithe ar an togra ón gCoimsiún le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 17(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002:

"2. Sna huiscí suas le 12 mhuirmhíle ó bhunlínte faoina gceannasacht nó faoina ndlínse, beidh údarás ag Ballstáit ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2014 an iascaireacht a shrianadh do shoithí iascaireachta ar gnách leo bheith ag iascaireacht sna huiscí sin ó chalafoirt ar an gcósta in aice láimhe. Beidh an méid seo gan dochar do na socruithe le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais a bhfuil bratach Ballstát eile ar foluain acu faoi chaidrimh chomharsanachta atá ann cheana féin idir Ballstáit agus na socruithe atá ann in Iarscríbhinn I, lena socraítear do gach Ballstát na criosanna geografacha laistigh de na bandaí ar chóstaí na mBallstát eile ina dtugtar faoi ghníomhaíochtaí iascaireachta agus na speicis lena mbaineann.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh.

([1]) IO C 351, 15.11.2012, lch. 89.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Samhain 2012.

([3]) IO L 358, 31.12.2002, lch. 59.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 21 Samhain 2012.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| M. SCHULZ | A. D. MAVROYIANNIS |